# Tacair agus oibríochtaí – Moltaí don teagasc

## SPRAÍÚLACHT A SPREAGADH LEIS AN MATAMAITIC

- Nasc an fhoghlaim leis na Tacair agus Oibríochtaí le gníomhaíochtaí spraíúla m.sh. *sórtáil na bréagáin go léir sa seomra ranga i dtacair dhifriúla*
- Bunaigh áit laistigh den seomra ranga go mbeidh páistí ábalta triail a bhaint as smaointe matamaiticiúla m.sh. *bunaigh láthair ar leith chun tuairimí a roinnt go mbeidh na páistí ábalta réasúntacht na bhfreagraí a thuar agus a mheas*
- Cuir dúshlán roimh na páistí a gcuid tuisceana a léiriú trí chluichí agus gníomhaíochtaí spraíúla m.sh. rian roinnte mórthimpeall na scoile

## TASCANNA ATÁ DÚSHLÁNACH GO COGNAÍOCH A ÚSÁID

- Lig do pháistí ceisteanna oscailte a fhiosrú a chuireann lena dtuiscint agus a shíneann an tuiscint chéanna
- Cuir timpeallacht foghlama dhearfach chun cinn a léiríonn meas ar agus a spreagann na páistí uilig a gcuid tuairimí agus smaointe a roinnt
- Cuir rogha ar fáil do na páistí le linn gach ceachta m.sh. inniu táimid chun a bheith ag foghlaim faoin suimiú. Roghnaigh tasc amháin ón tacar seo ina bhfuil trí thasc.

## MEON TÁIRGIÚIL A CHOTHÚ

- Spreag fiosrúcháin chomhoibríocha Tacair agus Oibríochtaí sa saol laethúil m.sh. *tionscnamh bunaithe ar uimhreacha príomha*
- Stiúir páistí chun teacht ar phatrúin agus ceangail a dhéanamh idir na ceithre oibríocht
- Spreag páistí chun páirt a ghlacadh san fhéinmheasúnú agus machnamh fiúntach m.sh. *Is é an slánú an straitéis is fearr liom a úsáid chun ceisteanna suimithe a réiteach.*

## BÉIM A CHUR AR SHAMHALTÚ MATAMAITICIÚIL

- Spreag scata mínithe agus mínithe malartacha ar na ceithre oibríocht, m.sh. *déan iarracht cuimhneamh ar níos mó ná bealach amháin chun cur síos a dhéanamh ar 3 x 6*
- Cuir ceisteanna chun cabhrú leis na páistí a gcuid smaointeoireachta a shoiléiriú agus a samhlacha a mhíniú m.sh. *cén chaoi a scríobhfá na ríomhanna seo ag baint úsáid as siombailí?*
- Cuir dúshlán roimh na páistí lena samhlacha a thástáil agus a bheachtú thart ar na Tacair agus Oibríochtaí m.sh. *An ndéanfá aon athruithe? Cén chaoi a bhféadfá feabhas a chur ar do shamhail? Céard a fuair tú amach?*

## MATA-CHAINT A CHUR CHUN CINN

- Deiseanna a chur ar fáil do pháistí chun a gcuid straitéisí a chur in iúl, a roinnt agus a mhalartú m.sh. Shórtáil mise mo thacar de réir dathanna. An ndearna aon duine eile ar bhealach eile é?
- Cuir dúshlán roimh na páistí straitéisí a bpiaraí a chur in iúl sna ceithre oibríocht
- Bain úsáid as réimse leathan ceisteanna oscailte agus fadhbanna a bhaineann le Tacair agus Oibríochtaí á bplé agaibh m.sh. *ar thángamar ar gach uile fhéidearthacht?*

Forbraíodh i gcomhar le **Mary Mc Mahon**